2026/1938

7.8.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2026/1938 ÓN gCOMHAIRLE

an 7 Lúnasa 2026

lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2015/1333 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle an 31 Iúil 2015 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/137/CBES [1], agus go háirithe Airteagal 12(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2015/1333.

(2) An 22 Iúil 2026, chuir Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA) arna bhunú de bhun Rún 1970 (2011) ó CSNA soitheach amháin le liosta na soithí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach i mír 10 de Rún 2146 (2014) ó CSNA.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn V a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn V a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Lúnasa 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE

[1] IO L 206, 1.8.2015, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/1333/oj.

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an iontráil seo a leanas le hIarscríbhinn V a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333:

‘1 Ainm: AVAX

Dáta an liostaithe: 22 Iúil 2026

Faisnéis bhreise:

Uimhir IMO: 9058713. Liostaithe de bhun mhíreanna 10(a), 10(b), 10(c) agus 10(d) de rún 2146 (2014), arna leasú le mír 2 de rúin 2441 (2018) agus 2509 (2020) agus arna leathnú i mír 21 de rún 2819 (2026) (toirmeasc ar luchtú, iompar nó urscaoileadh; toirmeasc ar dhul isteach i gcalafoirt; toirmeasc ar sheirbhísí buncaeireachta agus seirbhísí um shoithí a sholáthar; toirmeasc ar idirbhearta airgeadais a dhéanamh lena mbaineann peitriliam). De bhun mhír 11 de rún 2146 (2014), arna mhodhnú le mír 2 de rún 2509 (2020), tá an t-ainmniú sin bailí ón 22 Iúil 2026 go dtí an 22 Iúil 2027, mura ndéanfaidh an Coiste é a fhoirceannadh níos luaithe de bhun mhír 12 de rún 2146 (2014). Stát brataí: Camarún. Amhail ón 4 Aibreán 2026, bhí an soitheach lonnaithe gar do limistéar ancaireachta Sheanchuan Benghazi, sa Libia.’